BAI | ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

2017 ATHBHREITHNIÚ AR AN MBLIAIN

TÍRDHREACH NA MEÁN IN ÉIRINN INA LÉIRÍTEAR AGUS LENA MÚNLAÍTEAR AN CINEÁL DAOINE ATÁ IONAINN.

Foilsíodh Ráiteas Straitéise nua an BAI 2017-2019 i mí Feabhra 2017. Sa dociméad Straitéise, gabhann an BAI fócas a chuid oibre laistigh de chúig théama straitéiseach uileghabhálach agus dó dhéag cuspóir ardleibhéil comhshocraithe atá dírithe ar fhís straitéiseach an BAI a bhaint amach.

Tugtar breac-chuntas thíos ar roinnt príomhghníomhachtaí a rinne an BAI chun na cuspóirí straitéiseacha sin a sheachadadh:

1. An Éagsúlacht agus an Iolracht a chur chun cinn

MAOINIÚ F & F (2017)

Is scéim mhaoinithe é Fuaim & Fís 3 a thacaíonn le clár teilifíse agus raidió ardchaighdeáin ar théamaí mar chultúr, oidhreacht, taithí na hÉireann, ar litearthacht na meán a fheabhsú agus clár sa Ghaeilge. Maoiníear an scéim trí 7% den táille ceadúnais teilifíse.

Ó seoladh Fuaim & Fís 3 go luath sa bhliain 2015, tá 38.2m leithdháilte ag an BAI chun tacú le 825 tionscadal (204 teilifís agus 621 raidió).

Maoiniú a iarradh 2017: **€39.7m** do **440 tionscadal.**

Leithdháileadh iomlán do 2017 **€11.274m** do **239 tionscadal**

Leithdháileadh iomlán ar chláir Ghaeilge agus dhátheangach do 2017 **€2.78m** do **31 tionscadal**

LEITHDHÁILTÍ MAOINITHE





Seánra
- 76 Stair/Oidhreacht
- 67 Sochaí Chomhaimseartha
- 52 Na hEalaíona/Cultúr
- 23 Leanaí
- 19 Eolaíocht/Nádúr/Comhshaol
- 2 Litearthacht Dhaoine Fásta/na Meán

CEADÚNÚ

Tá ceadúnú ina phríomhghníomhaíocht don BAI agus sineadh roinnt conarthaí craolacháin fuaime tráchtála agus pobail in 2017. Bronnann an BAI conarthaí raidió sealadacha freisin do ghrúpaí / daoine aonair chun seirbhísí a oibriú ar feadh tréimhse ghearr ama. In 2017, cheadaigh an BAI **25 seirbhís** den sórt sin:

CINEÁL NA SEIRBHÍSE

- 4 Pobal Piolótach
- 1 Meabhairshláinte
- 7 Tríú Leibhéal/Meánscoil
- 1 Tionscadal Reiligiúnach
- 1 Nollaig
- 2 Scannán Tiomáin Isteach
- 9 Pobal Sealadach

2. Cumarsáid a Dhéanamh agus Tionchar a Fheidhmiú

Le 12 mí anuas, seinneadh físeáin a uaslódáladh chuig cuntas **Vimeo an BAI 804 uair**, agus ba é an físeán is mó ar a raibh tóir ná **Richard Oakley ó The Times (eagrán na hÉireann)** ag trácht ar Thuairisc Institiúid Reuters ar Nuacht Dhigiteach.

Rinne ár bpost orgánach is mó tóir ar **Facebook** ceiliúradh ar **Raidió Pobail Chill Chainnigh** ag síniú a gceadúnas nua 10 mbliana Raidió Pobail leis an BAI. Mheall an postáil úcht éisteachta de 7,216 i Meán Fómhair.

Ar **Twitter**, leag an tvuit is mó tóir den bhliain béim ar chlár faisnéise arna mhaoiniú ag an BAI, **The Irish Grand National**, a craoladh ar RTÉ thar shos na Cásca. Bhí **6,502 imrisean** ag an bpost orgánach sin.

223 TVUÍT

4,542 LÍON NA LEANTÓIRÍ TWITTER (+ 538)

133 POSTÁIL FACEBOOK

1,777 LÍON NA 'LIKES' A TUGADH AR FACEBOOK (+ 386)

IMEACHTAÍ

Le linn na bliana, thionóil an BAI roinnt imeachtaí chun tacú lena chuid gníomhaíochtaí, lena n-áirítear roinnt cáipéisí tábhachtacha BAI a sheoladh, mar shampla **Ráiteas Straitéise an BAI 2017 - 2019, an Cód Ginearálta um Chumarsáid Tráchtála** nua agus an chuid de **Thuairisc Institiúid Reuters ar Nuacht Dhigiteach** arna maoiniú ag an BAI. Ina theannta sin thacaigh an BAI roinnt léirithe ardphróifil de chláir arna maoiniú ag Sound & Vision i rith na bliana lena n-áirítear:

The Breadwinner
Between Land and Sea
Meetings with Ivor
Poc na nGael Cardboard Gangsters

3. Lucht Féachana/ Éisteachta a Chumhachtú

GEARÁIN MAIDIR LE CRAOLADH

In 2017, fuair an BAI **109 gearán bailí** a bhain le craoladh clár agus fógraí ar theilifís agus ar raidió na hÉireann. Go ginearálta faigheann an BAI gearáin i gcásanna nach mbíonn gearáinaigh sásta leis an bhfreagra a fuarthas, ó chraoltar, ar ghearán, nó sa chás nach ndeachaigh craoltóirí i ngleic le gearán.

Bhain formhór mór na ngearán le saincheisteanna maidir le **cothromaíocht, neamhchlaontacht agus oibiachtúlacht** i gcraoltaí nuachta agus cúrsaí reatha. Bhain gearáin eile le caighdeán maidir le clár agus caighdeán maidir le fógraíocht/urraíocht.

Léiríonn na figiúirí leibhéal ard comhlíonta de réir na hearnála i ndáil le cóid agus rialacha craolacháin.

CÓID FAOINAR CUIREADH ISTEACH GEARÁIN

- 53 Cód Cothromaíochta, Neamhchlaontachta agus Oibiachtúlachta
- 36 Cód Caighdeán na gClár
- 16 Cód Cothromaíochta, Neamhchlaontachta agus Oibiachtúlachta & Cód Caighdeán na gClár
- 4 Cód Ginearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála

CINNTÍ AN BAI I NDÁIL LEIS NA GEARÁIN CHRAOLACHÁIN PHRÓISEÁILTE THUAS



- 85% Diúltaithe
- 10% Réitithe [dír an gearánach agus an craoltóir]
- 4% Cumhdaithe/cumhdaithe i bpáirt
- 1% Aistarraingthe

4. An Nuálaíocht agus an Inbhuanaitheacht Earnálacha a Fheabhsú

URRAÍOCHT AGUS FOGHLAIM AGUS FORBAIRT EARNÁLA

Tacaíonn an BAI an earnáil chraolacháin agus na meán níos leithne trína **Chiste Foghlama agus Forbartha Earnála** agus a **Scéim Urraíochta**.

In 2017, leithdháil an BAI **€495,180** ar **15 tionscnamh oiliúna agus forbartha**. Is ionann an figiúr sin agus méadú de 17% ar fhigiúirí 2016. Áiríodh orthu sin maoiniú líonra d'eagraíochtaí ionadaíocha mar **CRAOL** [an foras do raidió pobail], **Learning Waves** [an eagraíocht oiliúna do chraoltóirí raidió tráchtála], **Women On Air, Galway Film Centre** agus an **Community Television Association** .

Leithdháileadh maoiniú **€142,700** ar **20** imeacht agus gníomhaíocht faoi **Scéim Urraíochta an BAI 2017**. Áiríodh orthu siúd a fuair maoiniú urraíochta **The All Ireland Radio Awards, Celtic Media Festival, Choice Music Prize, Fresh Film Festival, Sounds Alive** agus **National Student Media Awards**.

5. Feabhas agus an Chuntasacht a Ghnóthú

SAORÁIL FAISNÉISE

Fuair an BAI **29 iarratas FOI** le linn 2017. As na hiarratais sin, tugadh faisnéis do 21 de na hiarrthóirí ina iomláine, i bpáirt nó bhí na sonraí ar fáil go poiblí cheana féin agus tugadh don iarrthóir iad lasmuigh den phróiseas FOI. Aistarraingíodh na 8 iarratas a bhí fágtha ag an iarrthóir, dúltoidh rochtain dóibh nó aistriodh iad chuig comhlacht poiblí eile.

CATAGÓIR NA hIARRTHÓIRÍ FOI 2017



Seánra
- 17 Iriseoir
- 10 Cliant
- 1 Oireachtas
- 1 Eile